# Vóta 27 Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, tá ceanglas orm Cuntas Leithreasa a ullmhú don Vóta agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoir réir an cheanglais sin, tá an Cuntas faoi iamh ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, do sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais agus deontais i gcabhair áirithe a íoc.

Cuirtear an táirgeacht chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

**Aistriú na bhfeidhmeanna**

Ullmhaíodh an Cuntas seo faoi réir Mheastachán Athbhreithnithe na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta 2011. Thug na leithdháiltí san áireamh scor na Roinne agus scor Vóta 27 in 2011. Aistríodh feidhmeanna na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, in éineacht le haon cheangaltais ghaolmhara, chuig Ranna éagsúla faoi mar a shracrianaítear thíos:

■ Aistríodh feidhmeanna comhionannais, comhtháthaithe, míchumais agus ceart daonna chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí le feidhm ó 1 Aibreán 2011 (I.R. Uimh. 139 ó 2011).. Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 19.

■ Go ginearálta aistríodh feidhmeanna na Gaeilge, na Gaeltachta agus na n-oileán chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt le feidhm ó 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 164 ó 2011) agus, maidir le cúrsaí pleanála sa Ghaeltacht, ar 1 Meitheamh 2011 (I.R. Uimh. 216 ó 2011).. Tá caiteachas roimh an 1 Bealtaine 2011 san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an 1 Bealtaine 2011 san áireamh i Vóta 35. I gcás fheidhm phleanála na Gaeltachta arna aistriú ar an 1 Meitheamh 2011, ní raibh aon chaiteachas sa tréimhse ón 1 Bealtaine 2011 go dtí an 1 Meitheamh 2011.

■ Aistríodh feidhmeanna cuimsithe shóisialta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le feidhm ó 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 165 ó 2011). Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 38.

■ Aistríodh feidhmeanna na Straitéise Náisiúnta Frithdhrugaí chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí le feidhm ó 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 166 ó 2011). Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 39.

■ Aistríodh feidhmeanna dlí carthanachta chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le feidhm ó 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 194 ó 2011). Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 19.

■ Aistríodh feidhmeanna Uiscebhealaí Intíre agus Uiscebhealaí Éireann chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt le feidhm ó 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 195 ó 2011). Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 35.

■ Aistríodh feidhmeanna gnóthaí pobail chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le feidhm ó 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 196 ó 2011). Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 25.

■ Rinneadh cuid d'fheidhmeanna na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige d'fheidhmeanna beartais teaghlaigh tar éis a bunaithe ar 2 Meitheamh 2011 (I.R. Uimh. 214 ó 2011). Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 43.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7 ina pháirt den Chuntas seo.

**Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus Phrionsabail Chuntasaíochta**

Tá na polasaithe agus na prionsbabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh Cuntais Leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an Chuntais seachas, gurb é beartas dímheasa naRoinne ná dímheas bliana iomláine a ghearradh sa bhliain éadála agus gan aon dímheas a ghearradh sa bhliain diúscartha/aistrithe.

**Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach**

Chomh maith leis an gCuntas, tá ráiteas curtha isteach san fhormáid chaighdeánach ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a bhí i bhfeidhm sa Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta go dtí gur díscaoileadh.

**Seosamh Ó hÁghmaill**
Oifigeach Cuntasaíochta
Vóta 27 Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
29 Márta 2012

# Teastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa Vóta 27: Gnóthaí Pobail, Comhionannas agus Gaeltachta le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta cuntas coinnithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachais an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
11 Méan Fomhair 2012

# Vóta 27 Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Soláthar an mheastacháin | 2011 Táirgeacht | 2010 Táirgeacht |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1. | Tuarastail, pánna agus liúntais | 5,185 | 5,185 | 14,687 |
| A.2. | Taisteal agus cothú | 111 | 111 | 464 |
| A.3. | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 844 | 844 | 825 |
| A.4. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 201 | 201 | 395 |
| A.5. | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 332 | 332 | 1,094 |
| A.6. | Costais áitreabh oifige | 178 | 178 | 350 |
| A.7. | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí[1] | 27 | 27 | 324 |
| **Ag Tacú le Pobail** | | | | |
| B.1. | Tacaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,514 | 3,514 | 11,567 |
| B.2. | Deontas don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh | 16,025 | 16,024 | 21,040 |
| B.3. | Cláir forbartha áitiúla agus pobail (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 28,976 | 28,976 | 67,454 |
| B.4. | Rialáil carthanas | 100 | 100 | 407 |
| B.5. | RAPID | 706 | 706 | 6,067 |
| B.6. | Bearta na gCuntas díomhaoin[3] | 1,131 | 1,131 | 6,814 |
| B.7. | Seirbhísí ilghnéitheacha[4] | 16 | 16 | 399 |
| — | *An Clár Seirbhísí Pobail*[2] | — | — | 36,877 |
| **Ag Dul i nGleic le Mí-úsáid Drugaí** | | | | |
| C. | Tionscnaimh Drugaí | 15,306 | 15,306 | 34,992 |
| **Forbairt Tuaithe** | | | | |
| D.1. | Coimisiún Forbartha an Iarthair[5] | 895 | 895 | 2,175 |
| D.2. | Oileáin[6] | 2,687 | 2,687 | 17,021 |
| D.3. | Forbairt Náisiúnta Tuaithe[7] | 412 | 412 | 10,427 |
| D.4. | LEADER – Fochlár um Gheilleagar na Tuaithe 2007 - 2013 | 8,928 | 8,928 | 44,271 |
| — | *An Scéim Sóisialta Tuaithe*[2] | — | — | 30,463 |

| Seirbhís | | 2011 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar an mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **An Ghaeilge agus an Ghaeltacht** | | | | |
| E.1. | Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta[8] | 1,424 | 1,424 | 18,231 |
| E.2. | Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 1,221 | 1,221 | 8,001 |
| E.3. | An Coimisinéir Teanga | 199 | 199 | 743 |
| E.4. | Údarás na Gaeltachta - Toghchán | — | — | — |
| E.5. | Údarás na Gaeltachta - Riarachán | 3,452 | 3,452 | 11,000 |
| E.6. | Údarás na Gaeltachta - Caiteachas an Chláir Reatha | 825 | 825 | 3,915 |
| E.7. | Údarás na Gaeltachta – Deontais do Thionscadail agus do Chaiteachas Caipitil ar Áitribh | 500 | 500 | 18,000 |
| **Comhionannas, Lánpháirtiú agus Cearta an Duine** | | | | |
| F.1. | An tÚdarás Comhionannais (deontas-i-gcabhair) | 637 | 637 | 1,959 |
| F.2. | An Binse | 682 | 682 | 1,594 |
| F.3. | Deontais chuig eagraíochtaí náisiúnta ban | 132 | 132 | 284 |
| F.4. | Promhadh | — | — | 252 |
| F.5. | Monatóireacht ar chomhionannas/coistí comhairliúcháin | 58 | 58 | 264 |
| F.6. | Príomhshruthú inscne agus gníomhú dearfach do mhná | 217 | 217 | 2,054 |
| F.7. | Oifig an Aire Lánpháirtíochta | 464 | 464 | 3,558 |
| F.8. | Ciste Teifeach na hEorpa | 116 | 116 | 1,305 |
| F.9. | An Coimisiún um Chearta an Duine (deontas-i-gcabhair) | 366 | 366 | 849 |
| F.10. | Stádas daoine faoi mhíchumas | 161 | 161 | 855 |
| F.11. | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 829 | 829 | 2,289 |
| F.12. | Tionscadail um Mhíchumas | — | — | — |
| **Comhoibriú Thuaidh/Theas** | | | | |
| G.1. | An Foras Teanga | 4,166 | 4,166 | 16,199 |
| G.2. | Uiscebhealaí Éireann | 10,124 | 10,124 | 32,919 |
| G.3. | An Clár um Shíochán agus Athmhuintearas/INTERREG | 1,685 | 1,685 | 2,675 |

| | | 2011 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| | **Ollchaiteachas** | **112,832** | **112,831** | **435,059** |
| | **Lúide:** | | | |
| H. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **7,898** | **7,898** | **35,171** |
| | **Glanchaiteachas** | **104,934** | **104,933** | **399,888** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€1,126**[9] | **€19,670,520** |

[1] Déanann Fotheideal A.7 Fotheidil 2010 A.7. (€0.323m) agus A.8 (€0.001m) a chónascadh.

[2] Aistríodh an Scéim Shóisialta Tuaithe agus Clár na Seirbhísí Pobail chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le feidhm ó 1 Meán Fómhair 2010.

[3] Déanann Fotheideal B.6. Fotheidil 2010 B.6. (€1.618m), B.7.(€5.107m) agus J.3 (€0.089m) a chónascadh.

[4] Cuireadh Fotheideal B.7 i láthair mar Fhotheideal J.5 i gCuntas Leithreasa J.5.

[5] Déanann Fotheideal D.1 Fotheidil 2010 D.1. (€1.683m) agus D.2 (€0.492m) a chónascadh.

[6] Cónascann fo-mhírcheann D.2. E.3. (€6.218m) agus E.4 (€10.803m) ó Chuntas 2010.

[7] Cónascann fo-mhírcheann D.3. D.3. (€4.635m) agus D.6. (€5.792m) ó Chuntas 2010.

[8] Déanann Fotheideal E.1 Fotheidil 2010 E.1. (€8.404m) agus E.2 (€9.827m) a chónascadh.

[9] Géilleadh an 16 Meán Fómhair 2011.

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2011

| | | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | **Nóta** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán | | | 6,878 | 18,139 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 105,953 | 416,920 |
| **Ollchaiteachas** | | | 112,831 | 435,059 |
| Lúide | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 7,898 | 35,171 |
| **Glanchaiteachas** | | | 104,933 | 399,888 |
| | | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | | |
| Airgead ceannachán | | (31) | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | | 9 | (22) | 282 |
| | | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | | (50) | (603) |
| | | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar stoc | | 52 | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | | 11,464 | | |
| | | | 11,516 | 3 |
| **Caiteachas díreach** | | | 116,377 | 399,570 |
| | | | | |
| Caiteachas ar ghlanseirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 2,409 | 6,279 |
| Measchíosanna | | | 503 | 504 |
| **Costas iomlán oibriúcháin** | | | **119,289** | **406,353** |

### 1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Cuimsíonn an tsuim i ndáil le caiteachas ar ghlanseirbhísí gaolmhara na suimeanna measta seo a leanas a bhaineann le Vóta 27 agus a íocadh in áit eile

| | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| **Vóta** | | **€000** | **€000** |
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,361 | 4,170 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 921 | 1,843 |
| 20 | An Garda Síochána | 67 | 205 |
| | Ciste Lárnach - pinsin Aireachta etc. | 60 | 61 |
| | | **2,409** | **6,279** |

## 2 Clár Comhordaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | — | 1,144 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.2 | — | 8,433 |
| | | — | **9,577** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | — | 52 |
| Iasachtaí gan íoc | | — | 228 |
| Réamhíocaíochtaí | | — | 238 |
| Ioncam fabhraithe | | — | 11,514 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | — | 1,505 |
| Glandliteanas ón Státchiste | 2.7 | 258 | (1,238) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **258** | **12,299** |
| **Lúide fiachais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 258 | 240 |
| Costais fabhraithe | | — | 288 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | — | 27 |
| **Iomlán na bhfiachas reatha** | | **258** | **555** |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | **11,744** |
| **Glansócmhainní** | | — | **21,321** |
| **Ionannaithe ag:** | | | |
| **Cuntas chiste an Stáit** | | — | **21,321** |

## 2.1 Ráiteas na Sócmhainní Caipitil

| | Fearais agus innealra | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Mórshócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ar an 1 Eanáir 2011 | 41 | 702 | 5,855 | 6,598 |
| Breiseanna | — | 1 | 30 | 31 |
| Diúscairtí | — | (8) | (1,063) | (1,071) |
| Aistrithe chuig na ranna seo a leanas: | | | | |
| Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | — | (233) | (2,597) | (2,830) |
| Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil | (41) | (63) | (1,683) | (1,787) |
| Coimirce Sóisialaí | — | — | (12) | (12) |
| Sláinte | — | (1) | (23) | (24) |
| Leanaí agus Gnóthaí Óige | — | (387) | (460) | (847) |
| Dlí agus Ceart agus Domhionannas | — | (11) | (47) | (58) |
| Costas nó luacháil ar an 31 Nollaig 2011 | — | — | — | — |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2011 | 12 | 455 | 4,987 | 5,454 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (4) | (1,058) | (1,062) |
| Aistrithe chuig na ranna seo a leanas: | | | | |
| Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | — | (179) | (2,292) | (2,471) |
| Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil | (12) | (30) | (1,210) | (1,252) |
| Coimirce Sóisialaí | — | — | (4) | (4) |
| Sláinte | — | (1) | (19) | (20) |
| Leanaí agus Gnóthaí Óige | — | (235) | (394) | (629) |
| Dlí agus Ceart agus Domhionannas | — | (6) | (10) | (16) |
| Dímheas carnach ar an 31 Nollaig 2011 | — | — | — | — |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2011** | — | — | — | — |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2010** | 29 | 247 | 868 | 1,144 |

I 2011 (2010: €557,000) níor gearradh aon dímheas don Vóta don tréimhse. Is é beartas na Roinne dímheas a ghearradh sa bhliain éadála agus gan aon dímheas a ghearradh sa bhliain diúscartha.

## 2.2 Ráiteas na Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

| | Forbairt tionscadal €000 |
|---|---|
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2011 | 8,433 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 50 |
| Aistrithe chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta | (8,483) |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ar an 31 Nollaig 2011 | — |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ar an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Airgead agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | (258) | (75) |
| Orduithe gan réiteach | — | (165) |
| | (258) | (240) |

Chomhlíon an Roinn a cuid freagrachtaí i dtaca le himréiteach na gcuntas PMG aici trí phróiseáil gach íocaíochta agus gach fáltais. Tá nádúr teicniúil ag baint le cuid eile d'iarmhéid PMG agus tá aghaidh á tabhairt air sin ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le comhairle ón Roinn Airgeadais.

## 2.4 Stoic

| ar an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht agus earraí ilghnéitheacha | — | 28 |
| Tomhaltáin TF | — | 24 |
| | — | 52 |

## 2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ar an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Airleacain do Pobal | — | 429 |
| Airleacain do na Tascfhórsaí Drugaí | — | 222 |
| Airleacain don Fhoras Teanga | — | 233 |
| Airleacain don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh | — | 311 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | — | 310 |
| | — | 1,505 |

## 2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ar an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Dlite don Stát (ÍMAT, ÁSPC, tobhach ioncaim & CBL) | — | — |
| Míreanna eile sochair atá ar fionraí | — | 27 |
| | — | 27 |

## 2.7 Glandliteanas ón Státchiste

| ar an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas le tabhairt suas | — | 19,671 |
| Deontas neamhtharraingte an Státchiste | (258) | (18,433) |
| Glandliteanas ón Státchiste | (258) | 1,238 |
| **Ionannaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | — | 1,505 |
| | — | 1,505 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Glansuíomh agus glanairgead tirim PMG | (258) | (240) |
| Dlite don Stát | — | — |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | — | (27) |
| | (258) | (267) |
| | (258) | 1,238 |

## 2.8 Ceangaltais

| ar an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **(a) Ceangaltais Domhanda** | — | 143,085 |

Níl aon súil le heascairt cheangaltas i 2012 agus sna blianta dar gcionn.

**(b) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla**

Tugtar sonraí sa tábla seo a leanas de chaiteachas in 2011 agus de cheangaltais atá le comhlíonadh sna blianta ina dhiaidh sin de bhun tionscadail chaipitil ar bhain conarthaí infhorghníomhaithe le dlí leo ar an 2 Meitheamh 2011:

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Caiteachas | — | 48,189 |
| Ceangaltais atá le comhlíonadh sna blianta ina dhiaidh sin | — | 74,992 |

**(c) Mórchaiteachas Caipitil**

Tabhaíodh caiteachas ar thrí thionscadal den chineál seo le linn 2010. Aistríodh freagracht do na tionscadail seo (Cé Chill Rónáin, Cé Chaladh Mór, Cosaint Chósta Inis Bó Finne) chuig anRoinn Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le feidhm ó 1 Bealtaine 2011.

## 3 Éagsúlachtaí ar Chaiteachas

Níorbh ann d'aon fhotheideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | 2011 Measta | 2011 Réadaithe | 2010 Réadaithe |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| 1. Fáltais ilghnéitheacha pá | 107 | 107 | 541 |
| 2. Fáltais ilghnéitheacha neamhphá | 57 | 56 | 176 |
| 3. An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | — | — | 141 |
| 4. Scéimeanna Forbartha Tuaithe | — | — | — |
| 5. LEADER, INTERREG agus an Clár um Shíocháin | — | — | — |
| 6. Cuntais Dhíomhaoine - riarachán | — | — | 1,618 |
| 7. Cuntais Dhíomhaoine - caiteachas cláir | — | — | 5,056 |
| 8. Fáltais a bhaineann leis an Lár-Aonad Aistriúcháin | 1 | 1 | — |
| 9. Fochlár um Gheilleagar na Tuaithe LEADER 2007 - 2013 | 6,815 | 6,816 | 20,967 |
| 10. Táillí/muirir a bhaineann le haerstráicí | 37 | 37 | 355 |
| 11. Fáltais do Bhliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta 2010 | — | — | 140 |
| 12. Fáltais AE - comhionannas agus lánpháirtiú | — | — | 3,244 |
| 13. Cuntais Dhíomhaoine - fáltais um mhíbhuntáiste sóisialta | — | — | 230 |
| 14. Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 881 | 881 | 2,703 |
| **Iomlán** | **7,898** | **7,898** | **35,171** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**
Níorbh ann d'aon fhotheideal a raibh an toradh breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a measadh, agus breis is 5% amach ón tsuim a measadh.

### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Deontais aisíoctha na bliana a d'imigh | 105 | 690 |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliania** | — | 378 |

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 6,400 | 17,364 |
| Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise | 84 | 214 |
| Liúntais eile | 15 | 41 |
| Ragobair | 27 | 81 |
| ÁSPC an fhostóra | 345 | 903 |
| **Pá iomlán** | **6,871** | **18,603** |

**Nóta:** Cuimsíonn an figiúr iomlán pá pá i bhfo-mhírchinn A.1., C., E.3., F.1., F.2. agus F.7.

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon fáltas | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2011 | Uasíocaíocht aonair 2010 |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 55 | — | 8,259 | 20,575 |
| Liúntais eile | 27 | — | 2,621 | 5,710 |
| Ragobair | 14 | — | 4,534 | 13,830 |

**Nóta:** Fuair daoine áirithe luach saothair breise in níos mó ná catagóir amháin.

## 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta

Faoi fho-mhírchinn B.1., B.3. agus E.2., íocadh suim iomlán de €5.214 milliún, a bhí páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta, le tionscnóirí faoi chláir áirithe. Tugtar achoimre thíos ar na réimsí clár atá i gceist agus ar na méideanna a íocadh.

**Fo-mhírchinn Páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta**[1]

| **Fo-mhírcheann** | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| B.1. | Tacaí don earnáil phobail agus dheonach | 1,881 | 7,283 |
| B.3. | Cláir forbartha áitiúla agus pobail | 2,151 | 20,381 |
| E.2. | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge | 1,182 | 5,598 |
| | | **5,214** | **33,262** |

[1] Íocaíochtaí sna 5 mhí dar críoch 2 Meitheamh 2011.

## 6.2 Cistiú AE

Cuimsíonn táirgeachtaí 2011 d'fho-mhírchinn B.7., D.4., F.6., F.7., F.8., F.11. agus G.3. caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí a cómhaoiníodh ó chistí AE.

Mar seo a leanas a bhí na meastacháin chaiteachais agus na táirgeachtaí iarbhír:

| Cur Síos are an bhFo-mhírcheann | | 2011 Meastachán €000 | 2011 Táirgeacht €000 | 2010 Táirgeacht €000 |
|---|---|---|---|---|
| B.7. | Seirbhísí ilghnéitheacha | 16 | 16 | 399 |
| D.4. | LEADER – Fochlár um Gheilleagar na Tuaithe 2007 - 2013 | 8,928 | 8,928 | 44,271 |
| F.4. | Promhadh comhionannais | — | — | 252 |
| F.6. | Príomhshruthú inscne agus gníomhú dearfach do mhná | 217 | 217 | 2,054 |
| F.7. | Oifig an Aire Lánpháirtíochta | 464 | 464 | 3,558 |
| F.8. | Ciste Teifeach na hEorpa | 116 | 116 | 1,305 |
| F.11. | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 829 | 829 | 2,289 |
| G.3. | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas/INTERREG | 1,685 | 1,685 | 2,675 |
| | | 12,255 | 12,255 | 56,803 |

## 6.3 Costais Dlí

Rinneadh íocaíochtaí ar luach iomlán €521,128, laistigh de théarmaí cheadú de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, maidir le costais dhlíthiúla a eascraíonn as dhá chás ón gCúirt Uachtarach – ceann acu a bhain le cé acu an ann nó nach ann do bhonn bunreachtúil d'éileamh aistriúcháin chomhuainigh ionstraimí reachtúla isteach sa Ghaeilge, agus bhain an ceann eile le hainmniú eagraíochta mar chomhlacht poiblí do chuspóirí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

## 6.4 Íocaíochtaí Eile

Cuireadh conradh ilbhliantúil le nascacht sonraí a sholáthar idir dhá chinn d'fhoirgnimh na Roinne ar ceal i Mí na Bealtaine 2011, tar éis athchumrú fheidhmeanna na Roinne. Spreag sin íocaíocht deiridh de €43,106 de réir théarmaí an chonartha.

## 6.5 Íocaíochtaí Iomarcaíochta

Rinneadh ollíocaíochtaí de €51,812, laistigh de théarmaí cheadú de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, maidir le hiomarcaíocht reachtúil a d'eascair as bunú an Chláir Fhorbartha um Fhorbairt Áitiúil agus Phobail, lena struchtúr comhtháite seachadta. Is í glanranníocaíocht na Roinne ná €29,676, agus déantar an iarmhéid de €22,136 a aisíoc ón gCiste Árachais Shóisialaigh via an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil de réir aistriú na bhfeidhmeanna pobail (I.R. Uimh. 196 ó 2011).

## 7 Ráiteas Iasachtaí do Thithe Gaeltachta

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2011 agus aisíocaíochtaí ina leith:

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir** | 228 | 276 |
| Ús fabhraithe pionósach bliantúil | — | 4 |
| Díscríobh iasachtaí [1] | — | (12) |
| | 228 | 268 |
| **Aisíocaíochtaí** | — | (40) |
| Aistrithe chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta | (228) | — |
| **Iarmhéid deiridh ar an 31 Nollaig** | — | 228 |

[1] Baineann le hiasachtaí a díscríobhadh laistigh de théarmaí ceada ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.